Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2023 (OR. en)**

**12727/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0297(BUD)**

**FIN 901**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12406/23 (COM(2023) 381 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a chur ar fáil don Rómáin agus don Iodáil i ndáil le tubaistí nádúrtha in 2022 agus don Tuirc i ndáil leis na creathanna talún i mí Feabhra 2023 <br>– *Formheas* |

1. Ar an 23 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) a shlógadh a bhfuil togra ag gabháil leis maidir le haistriú leithreasuithe DEC Uimh 10/2023[1].

[1] 12407/23.

2. Is é is cuspóir don togra sin Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh do mhéid iomlán EUR 454.8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe íocaíochta, lena n-áirítear an méid seo a leanas faoi seach:

- EUR 33.9 milliún chun cúnamh a chur ar fáil don Rómáin mar thoradh ar an triomach tromchúiseach a raibh trí phríomh-bhuaicphointe ann, ag deireadh mhí an Mhárta, i lár mhí Aibreáin agus i mí Iúil-mí Lúnasa 2022 faoi seach;
- EUR 20.9 milliún chun cúnamh a chur ar fáil don Iodáil mar thoradh ar an dianbháisteach as ar eascair tuilte abhann agus tulcaí a raibh tionchar acu ar réigiúin láir na hIodáile i mí Mheán Fómhair 2022; agus
- EUR 400 milliún chun cúnamh a chur ar fáil don Tuirc mar thoradh ar na mórchreathanna talún a raibh tionchar acu ar dheisceart na Tuirce i réigiún Kahramanmaraş agus i réigiún Hatay i mí Feabhra 2023.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Meán Fómhair 2023 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh, mar a leagtar amach in 12729/23 é.